C/2025/3354

13.6.2025

Fógra le haghaidh an duine nádúrtha agus an eintitis atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2024/254 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/1199 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2024/287 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1198 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuatamala

(C/2025/3354)

Fógra le haghaidh an duine nádúrtha agus an eintitis atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2024/254 ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/1199 ón gComhairle ([2]), agus i Rialachán (AE) 2024/287 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1198 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuatamala.

Tá cinneadh déanta ag Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart an duine agus an t-eintiteas lena mbaineann a áireamh ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2024/254 agus i Rialachán (AE) 2024/287 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuatamala. Luaitear sna hiontrálacha ábhartha sna hIarscríbhinní sin na forais le hainmniú an duine agus an eintitis lena mbaineann.

Cuirtear in iúl don duine agus don eintiteas sin gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/287, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 3 den Rialachán).

Féadfaidh an duine agus an t-eintiteas lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, ag an seoladh seo a leanas **faoin 12 Deireadh Fómhair 2025**:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirtear in iúl freisin don duine agus don eintiteas lena mbaineann gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L, 2024/254, 15.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/254/oj.
([2]) IO L, 2025/1199, 12.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1199/oj.
([3]) IO L, 2024/287, 15.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/287/oj.
([4]) IO L, 2025/1198, 12.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1198/oj.